

## Clár

1.	Cad is Sochar Breoiteachta ann?	3
2.	Conas a cháilítear?	3
3.	Cad iad na coinníollacha ÁSPC lena rialáítear an Sochar Breoiteachta?	3
4.	An gcuirtear an t-árachas sóisialach ó lasmuigh d'Éirinn san áireamh?	5
5.	An féidir an Sochar Breoiteachta a fháil má chinntear ar dhul chun cónaí i dtír eile den Aontas Eorpach?	7
6.	Cé mhéid is féidir a fháil?	8
7.	Conas a fhaightear an íocaíocht?	13
8.	Cá fhad a mhaireann an íocaíocht?	13
9.	An ngearrtar cáin ar an Sochar Breoiteachta?	14
10.	Cathain agus conas a dhéantar iarratas?	14
11.	Cé a dhéanann cinneadh faoi iarratas ar an Sochar Breoiteachta?	16
12.	An féidir an Sochar Breoiteachta a éileamh le linn do dhuine íocaíocht leasa shóisialaigh eile a fháil?	17
13.	Cad iad na híocaíochtaí ar féidir iarratas a dhéanamh orthu mura gcáilítear don Sochar Breoiteachta?	19

ar leanúint thall

Lúnasa 2016

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Oifig Intreo áitiúil, leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach leathanach 26 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo agus ní léirmhíniú dleathach atá ann.

14.	Cad iad na cineálacha eile íocaíochta atá ar fáil?	20
15.	An gá go ndéanfar Measúnuithe Leighis orm le linn dom an Sochar Breoiteachta a fháil?	21
16.	An féidir mé a dhícháiliú ón Sochar Breoiteachta a fháil?	22
17.	An féidir fostaíocht, oideachas nó oiliúint a thosú agus an Sochar Breoiteachta a fháil fós?	23
18.	Cad a tharlaíonn do mo thaifead árachais shóisialaigh le linn dom an Sochar Breoiteachta a fháil?	24
19.	An féidir an Sochar Breoiteachta a íoc tar éis do dhuine bás a fháil?	24
20.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais ar an Sochar Breoiteachta a fháil?	26
21.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	26
	Pointí le tabhairt faoi deara	27
	Leabhráin áisiúla eile	28

# 1. Cad is Sochar Breoiteachta ann?

Íocaíocht ghearrthréimhseach is ea an Sochar Breoiteachta do dhaoine árachaithe nach féidir leo obair a dhéanamh de dheasca breoiteachta.

# 2. Conas a cháilítear?

Féadfaidh tú cáiliú don Sochar Breoiteachta:

- mura bhfuil tú in ann obair a dhéanamh de dheasca breoiteachta,
- má chomhlíonann tú na coinníollacha ÁSPC, agus
- má tá tú faoi bhun 66 bliana d'aois.

# 3. Cad iad na coinníollacha ÁSPC lena rialaítear an Sochar Breoiteachta?

Faoi dhlí reatha an Leasa Shóisialaigh, ní mór duit an dá choinníoll seo a leanas a chomhlíonadh chun cáiliú don Sochar Breoiteachta:

- (1)** ní mór 104 seachtaine ar a laghad de ranníocaíochtaí ÁSPC a bheith íoctha agat ó thosaigh tú ag obair.

## **AGUS (2a) NÓ (2b)**

- (2a)** ní mór 39 seachtaine de ranníocaíochtaí ÁSPC a bheith íoctha nó curtha chun sochair agat sa bhliain chánach ábhartha, agus ní foláir nó gur **ranníocaíochtaí íoctha** iad 13 cinn acu. Mura bhfuil 13 ranníocaíocht íoctha agat sa bhliain chánach ábhartha, ansin is féidir feidhm a bhaint ina ionad as 13 ranníocaíocht atá íoctha i gceann de na blianta cánach seo a leanas:

- ceachtar den dá bhliain chánach roimh an mbliain chánach ábhartha,
- nó an bhliain chánach iomlán dheireanach (roimh an mbliain a dtosaíonn d'éileamh ar Shochar Breoiteachta),
- nó an bhliain chánach reatha.

## NÓ

**(2b)** ní mór 26 seachtaine de ranníocaíochtaí ÁSPC a bheith íoctha sa bhliain chánach ábhartha, **agus**

26 seachtaine de ranníocaíochtaí ÁSPC a bheith íoctha sa bhliain chánach díreach roimh an mbliain chánach ábhartha.

Is í an **bhliain chánach ábhartha** ná an bhliain chánach iomlán leathdhéanach roimh an mbliain a dtosaíonn d'éileamh ar Shochar Breoiteachta. Mar shampla:

Má thosaíonn d'éileamh i:	Is í an bhliain chánach ábhartha ná:
2015	➤ 2013
2016	➤ 2014
2017	➤ 2015

### Tabhair faoi deara

- Ní áirítear ach ranníocaíochtaí ÁSPC a íoctar ar aicmí A, E, H agus P i leith an tSochair Bhreoiteachta.
- Má bhí Liúntas Fadtréimhseach do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Liúntas Réamhscoir, Pinsean Easláine, Liúntas Cúramóra nó Sochar Cúramóra á fháil agat díreach roimh duit iarratas a dhéanamh ar an Sochar Breoiteachta, ní gá na 13 ranníocaíocht íoctha dá dtagraítear i gcuid (2a) d'alt 3 (féach leathanaigh 3 agus 4) a bheith agat.
- Má bhí an Sochar Díobhála Ceirde (SDC) á fháil agat díreach roimh duit iarratas a dhéanamh ar an Sochar Breoiteachta, is ceadmhach duit feidhm a bhaint as an mbliain chánach a bhain le d'éileamh ar an SDC nó as an mbliain chánach a bhaineann le d'éileamh ar an Sochar Breoiteachta, cibé ceann is tairbhí duit.

**Tabhair faoi deara (ar leanúint)**

- Má tá tú urscaoilte as Buan-Óglaigh na hÉireann, féadfaidh tú an Sochar Breoiteachta a éileamh, ar chuntar nach bhfuil tú in ann obair a dhéanamh de dheasca breoiteachta agus go bhfuil tú deimhnithe ag do chomhairleoir leighis féin mar dhuine atá éagumasach chun oibre. Ní mór duit do pháipéir urscaoilte a chur le d'éileamh chugainn.

## 4. An gcuirtear an t-árachas sóisialach ó lasmuigh d'Éirinn san áireamh?

Chun cabhrú leat cáiliú don Sochar Breoiteachta, **féadfaidh** tú do ranníocaíochtaí ÁSPC Éireannacha a chur le do thaifead árachais shóisialaigh ó aon tír faoi chumhdach Rialacháin an Aontais Eorpaigh (agus freisin Oileáin Mhuir nlochta agus Oileán Mhanann atá faoi chumhdach Comhaontaithe Dhéthaobhaigh).

Tá feidhm ag Rialacháin an Aontais Eorpaigh (AE) i gcás na ndaoine a thaistealaíonn agus a oibríonn laistigh den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach (LEE). Ceadáíonn siad d'oibrithe tréimhsí árachais shóisialaigh in aon cheann de thíortha an LEE a chur le chéile chun cabhrú leo cáiliú do shochar nó do phinsean.

### Is iad na tíortha atá faoi chumhdach Rialacháin an AE ná:

- |                     |                |  |
|---------------------|----------------|--|
| • An Ostair         | • An Ungáir    | • An Phortaingéil                      |
| • An Bheilg         | • An Íoslainn  | • Poblacht na Cipire (An Chipir Theas) |
| • An Bhulgáir       | • Éire         | • An Rómáin                            |
| • An Chróit         | • An Iodáil    | • An tSlóvaic                          |
| • Poblacht na Seice | • An Laitvia   | • An tSlóivéin                         |
| • An Danmhairg      | • Lichtinstéin | • An Spáinn                            |
| • An Eastóin        | • An Liotuáin  | • An tSualainn                         |
| • An Fhionlainn     | • Lucsamburg   | • An Eilvéis                           |
| • An Fhrainc        | • Málta        | • An Ísiltír                           |
| • An Ghearmáin      | • An Iorua     | • An Ríocht Aontaithe                  |
| • An Ghréig         | • An Pholainn  |  |

Ó thaobh na ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh a íocadh i dtíortha seachas iad siúd ar an liosta thuas, **ní chuirtear san áireamh** iad chun críocha an tSochair Bhreiteachta.

Faoi Rialacháin an AE, tá an tír ina raibh fostaíocht inárachaithe agat an uair dheireanach freagrach i gcoitinne as sochar a íoc leat le linn duit gan a bheith in ann obair a dhéanamh de dheasca breiteachta nó díobhála.

### **Má chónaíonn tú in Éirinn agus má d'oibrigh tú an uair dheireanach i dtír a bhí faoi chumhdach Rialacháin an AE:**

- Cuir d'iarrtas ar an Sochar Breiteachta chuig an Roinn seo agus sonraigh tír an AE inar fostaíodh thú an uair dheireanach.
- Cuirfimid d'iarratas chuig an tír sin agus déanfaimid teagmháil leat faoi aon bheart breise i dtaobh d'iarratais.

### **Má chónaíonn tú in Éirinn agus má d'oibrigh tú an uair dheireanach in Éirinn, ach má d'oibrigh tú roimhe sin i dtír (nó i dtíortha) eile a bhí faoi chumhdach Rialacháin an AE:**

Féadfaidh tú do thaifead árachais sa tír (nó sna tíortha) eile a chur le do ranníocaíochtaí ÁSPC Éireannacha chun cabhrú leat cáiliú do shochar. Cuir d'iarratas chuig an Roinn seo mar aon le sonraí de d'fhostaíocht sa tír (nó sna tíortha) eile, nó foirm E104 ar chóir duit í a iarraidh ar Oifig Slándála Sóisialaí na tíre (nó na dtíortha) inar oibrigh tú roimhe sin.

#### **Tabhair faoi deara**

**Is éard atá san fhoirm E104 ná taifead ar ranníocaíochtaí slándála sóisialaí atá íoctha agat i dtíortha atá faoi chumhdach Rialacháin an AE. Ní bhaintear feidhm aisti ach nuair a dhéantar iarratas ar shochar breiteachta i limistéar an LEE.**

**Mura bhfuil foirm E104 agat gheobhaimid do thaifead árachais duit trí úsáid a bhaint as an eolas atá curtha ar fáil agat.**

## 5. An féidir an Sochar Breoiteachta a fháil má chinntear ar dhul chun cónaí i dtír eile den Aontas Eorpach?

Féadfaidh tú leanúint den Sochar Breoiteachta a fháil ón Roinn seo má tá fút dul chun cónaí i dtír eile atá faoi chumhdach Rialacháin an AE (féach leathanach 5 chun liosta de na tíortha atá faoi chumhdach na Rialachán seo a fháil).

### **Dul go tír eile atá faoi chumhdach Rialacháin an AE**

Má fhaigheann tú an Sochar Breoiteachta ón Roinn seo agus má tá sé de rún agat bogadh go tír eile atá faoi chumhdach Rialacháin an AE, ní mór duit é sin a insint dúinn **roimh ré**. Mura n-insíonn tú dúinn é, is féidir go gcaillfidh tú cuid den íocaíocht nó is féidir go gcuirfear moill ar d'íocaíocht.

Má chónaíonn tú in Éirinn agus má fhaigheann tú sochar ó tír eile atá faoi chumhdach Rialacháin an AE, ní mór duit é a insint don údarás ábhartha sa tír a íocann an sochar leat má bhogann tú thar lear.

Má théann tú chun cónaí i dtír eile atá faoi chumhdach Rialacháin an AE agus má bhuailtear breoite thú, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar an Sochar Breoiteachta ó Éirinn má d'íoc tú do ranníocaíocht árachais dheireanach in Éirinn nó má fuair tú an Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta ó Éirinn roimh duit dul thar lear.

Chun iarratas a dhéanamh ar an Sochar Breoiteachta ó Éirinn, cuir do theastais dochtúra agus d'fhoirm iarratais chuig an údarás cuí sa tír ina gcónaíonn tú agus cuirfidh siad chuig an Roinn seo iad.

## Dul go tír eile nach bhfuil faoi chumhdach Rialacháin an AE

Ní íoctar an Sochar Breoiteachta má chinneann tú ar chónaí i dtír nach bhfuil faoi chumhdach Rialacháin an AE. Má théann tú, áfach, go tír nach bhfuil faoi chumhdach Rialacháin an AE, chun cóireáil fhaofa a fháil i gcomhair do bhreoiteachta nó do dhíobhála, stadfaidh d'íocaíocht le linn duit a bheith ar shiúl agus tosóidh sí arís nuair a fhillfidh tú.

Sula n-imeoidh tú ní mór duit na nithe seo a insint dúinn:

- cathain a bheidh tú ag imeacht,
- cá mbeidh tú ag dul,
- cathain a bheidh tú ag teacht ar ais.

Ar fhilleadh duit ní mór duit cáipéisí leighis a chur ar fáil maidir leis an gcóireáil.

## 6. Cé mhéid is féidir a fháil?

Ní íoctar Sochar Breoiteachta i dtaca leis an gcéad 6 lá breoiteachta. Ciallaíonn sé seo nach mbeidh duine i dteideal an tSochair Bhreoiteachta i dtaca leis an gcéad 6 lá dá (h)éileamh (mura bhfuair an duine Sochar Breoiteachta, Sochar Díobhála nó íocaíocht do lucht cuardaigh fostaíochta díreach roimh a (h)éileamh). I gcás na ndaoine sin atá ag teacht ón Sochar Máithreachais, ní íocfar an Sochar Breoiteachta i dtaca leis an gcéad 3 lá breoiteachta. Ní dhéantar aon íocaíocht i dtaca le haon Domhnach i rith do bhreoiteachta.

Tá an Sochar Breoiteachta comhdhéanta de ráta pearsanta duit féin agus féadfaidh sé méaduithe a chuimsiú do do dhuine fásta cáilithe agus do leanbh/leanaí cáilithe. Is ar do mheán-oilltuilleamh seachtainiúil sa bhliain chánach ábhartha a bhraitheann ráta do Shochair Bhreoiteachta.



Ta roinnt eisceachtaí ina thaobh seo, cuir i gcás oibrí forbartha deonach a fhilleann ar Éirinn nó duine a aistríonn ó Scéim Leasa Shóisialaigh eile.

### Cé a mheastar ina dhuine fásta cáilithe?

Má tá tú pósta, i bpáirtnéireacht shibhialta nó ag cónaí le duine eile mar fhear céile agus bean chéile agus má tá tú á c(h)othabháil, féadfaidh tú méadú a fháil dó/di mar dhuine fásta cáilithe. Más €310 nó suim is lú ná sin an meán-olltuilleamh seachtainiúil nó an meán-ollioncam seachtainiúil atá aige/aici, gheobhaidh tú méadú dó/di. Is ar a m(h)eán-ollioncam seachtainiúil a bhraithfidh ráta an mhéadaithe.

**Ní bhfaighidh** tú méadú dó/di:

- más mó ná €310 an meán-olltuilleamh nó an meán-ollioncam seachtainiúil atá aige/aici,

#### **NÓ**

- má fhaigheann sé/sí íocaíocht leasa shóisialaigh (seachas Sochar Míthreorach, Sochar Linbh nó íocaíochtaí áirithe um Liúntas Forlíontach Leasa),

#### **NÓ**

- má tá sé/sí dícháilithe ón Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta a fháil mar gheall ar aighneas ceirde,

#### **NÓ**

- má ghlacann sé/sí páirt i gcúrsa oiliúna lánaimseartha SOLAS (ar a dtugtaí FÁS tráth) nach cúrsa ceardaíochta é.

Má tá tú singil, i mbaintreachas, i d'iarpháirtnéir sibhialta nó idirscartha, agus má chónaíonn do leanaí leat, is féidir leat méadú a éileamh do dhuine atá 16 bliana d'aois nó os a chionn sin atá ag tabhairt aire dóibh, má tá tú ag cothabháil an duine sin.

**Tabhair faoi deara**

**Cuimsíonn ioncam nó tuilleamh do chéile, do pháirtnéara sibhialta nó do chomhchónaitheora tuilleamh ón bhfostaíocht, ón bhféinhostaíocht, ó phinsin ghairme/cheirde agus ó fhoinsí eile, amhail maoin, coigilteas, caipiteal agus infheistíochtaí.**

**An chaoi a measúnaítear maoin, coigilteas, caipiteal agus infheistíochtaí do chéile, do pháirtnéara sibhialta nó do chomhchónaitheora**

Nuair a mheasúnaítear ioncam ó mhaoin, ó choigilteas, ó chaipiteal agus ó infheistíochtaí, suimítear na míreanna seo a leanas chun áireamh a dhéanamh ar a (h)acmhainn:

- luach airgid thirim infheistíochtaí agus maoinne (seachas do bhaile cónaithe),
- airgead i gcuntas coigiltis, nó in aon chineál eile de chuntas bainc,

**agus**

- airgead ar láimh.

Baintear feidhm as an bhfoirmle seo a leanas:

<b>Caipiteal:</b>	<b>Acmhainn sheachtainiúil a mheasúnaítear:</b>
<b>An chéad €20,000</b>	<b>Dada</b>
<b>An chéad €10,000 eile</b>	<b>€1 sa €1,000</b>
<b>An chéad €10,000 eile</b>	<b>€2 sa €1,000</b>
<b>larmhéid</b>	<b>€4 sa €1,000</b>

Má tá maoin i gcomhsheilbh (ag lánúin mar shampla), áirítear leath luach na sócmhainne a bheith i seilbh gach duine acu.

## Cé a mheastar ina leanbh cáilithe?

Is é atá i leanbh cáilithe ná leanbh atá suas le 18 mbliana d'aois a chónaíonn leat de ghnáth agus atá á c(h)othabháil agat. Uaireanta, is féidir le leanbh nach gcónaíonn leat a bheith ina leanbh cáilithe agat má tá an leanbh sin á c(h)othabháil agat.

Thairis sin, meastar ina leanbh cáilithe leanbh atá os cionn 18 mbliana d'aois agus atá á chothabháil agat:

- ar feadh na tréimhse 3 mhí tar éis dó/di an t-oideachas dara leibhéal a fhágáil,

**nó**

- ar feadh na tréimhse 3 mhí tar éis dó/di an Ardteistiméireacht a chríochnú,

**nó**

- go dtí deireadh na bliana acadúla ina sroicheadh sé/sí 18 mbliana d'aois, fad is a fhreastalaíonn sé/sí ar chúrsa lánaimseartha staidéir de ló i scoil, i gcoláiste nó in ollscoil.

Má fhaigheann tú an Sochar Breoiteachta nó cumasc íocaíochtaí gearrthréimhseacha áirithe eile ar feadh breis agus 156 lá, is féidir go n-íocfar Méadú um Leanbh Cáilithe leat do leanbh in oideachas lánaimseartha go dtí go sroichfidh sé/sí 22 bhliain d'aois nó go dtí deireadh na bliana acadúla ina sroichfidh sé/sí 22 bhliain d'aois.

**Ní** bhfaighidh tú an Méadú um Leanbh Cáilithe má fhaigheann an leanbh:

- íocaíocht leasa shóisialaigh dá c(h)earth féin (ach amháin an Sochar Míthreorach), **nó**
- an Liúntas Cothabhála um Ghalair Thógálacha ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, **nó**
- má tá sé/sí i bhfostaíocht.

## Cén ráta den Mhéadú um Leanbh Cáilithe is féidir a fháil?

Gheobhaidh tú an Méadú **iomlán** um Leanbh Cáilithe:

- má cháilíonn tú do mhéadú do do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir,

**nó**

- más tuismitheoir aonair thú agus mura bhfaigheann tú:
  - Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora,
  - Sochar do Bhanchéile Tréigthe,
 nó
  - Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Sibhialta Mharthanaigh (Ranníocach).

Gheobhaidh tú **leath** an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe:

- má fhaigheann do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir íocaíocht leasa shóisialaigh dá c(h)earth féin. Sa chás seo, gheobhaidh sé/sí leath an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe in éineacht lena (h)íocaíocht agus gheobhaidh tú leath an Mhéadaithe um Leanbh Cáilithe in éineacht le do Shochar Breoiteachta,

**nó**

- má tá meán-olltuilleamh seachtainiúil idir €310.01 agus €400.00 ag do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir.

### **Tabhair faoi deara**

**Ní bhfaighidh tú Méadú um Leanbh Cáilithe má tá meán-olltuilleamh nó meán-ollioncam de bhreis agus €400 sa tseachtain ag do chéile, do pháirtneír sibhialta nó do chomhchónaitheoir.**

## 7. Conas a fhaightear an íocaíocht?

Is féidir d'íocaíocht a chur go díreach isteach i do chuntas reatha, taisce nó coigiltis in institiúid airgeadais. I ndálaí áirithe, is féidir íocaíocht a dhéanamh trí sheic nó in Oifig an Phoist a roghnaíonn tú,

### **nó**

i gcuntas d'fhostóra in institiúid airgeadais.

## 8. Cá fhad a mhaireann an íocaíocht?

Féadfaidh tú an Sochar Breoiteachta a fháil go ceann:

- 624 lá íocaíochta (2 bhliain) ar a mhéad má tá 260 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC ar a laghad íoctha agat ó thosaigh tú ag obair de chéadair,

### **nó**

- 312 lá íocaíochta (1 bhliain amháin) ar a mhéad má tá idir 104 agus 259 seachtaine de ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha agat ó thosaigh tú ag obair de chéadair.

Déanfaimid teagmháil leat sula mbeidh an íocaíocht le stad chun a insint duit cathain a stadfaidh an íocaíocht agus cad iad na roghanna a bheidh agat.

## 9. An ngearrtar cáin ar an Sochar Breoiteachta?

Meastar an Sochar Breoiteachta (gan aon mhéadú do leanaí cáilithe a áireamh) ina ioncam chun críocha cánach agus gearrtar cáin air ón gcéad lá íocaíochta.

Íoctar an Sochar Breoiteachta go díreach leat gan aon cháin ioncaim a asbhaint. Is mar a leanas a phléitear le cánachas d'íocaíochta:

**Má tá tú i bhfostaíocht**, cuirfidh d'fhostóir do Shochar Breoiteachta san áireamh chun críocha ÍMAT.

**Má tá tú dífhostaithe nó má dhéantar dífhostaithe thú**, cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim méid an tSochair Bhreoiteachta a íocadh leat san áireamh, i gcás inar cuí sin, nuair a dhéanfar coigeartú ar do chreidmheasanna cánach nó athbhreithniú ar ghnóthaí cánach do chéile nó do pháirtnéara sibhialta.

Tá a thuilleadh eolais ar chánachas an tSochair Bhreoiteachta ar fáil i d'oifig chánach áitiúil nó ar **[www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)**.

## 10. Cathain agus conas a dhéantar iarratas?

Ba chóir duit iarratas a dhéanamh ar an Sochar Breoiteachta laistigh de 7 lá ó buaileadh breoite thú. Dá ndéanfaí moill de bhreis agus 7 lá, d'fhéadfá cuid de d'íocaíocht a chailleadh. Dá mbeadh cúis mhaith leis an moill ó thaobh iarratas a chur isteach, d'fhéadfaí d'íocaíocht a shiardhátú.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**.

**Conas iarratas a dhéanamh:**

- (1) téigh chuig an dochtúir agus faigh an **chéad** teastas dochtúra Leasa Shóisialaigh (ar a dtugtar MC1), rud ina bhfuil foirm iarratais.
- (2) líon an fhoirm iarratais MC1 go hiomlán. Cinntigh go dtabharfaidh tú d'uimhir PSP féin, an uimhir nó na huimhreacha PSP agus na sonraí eile d'aon duine eile ar mian leat méadú a éileamh ina leith mar do chéile/ do phairtnéir sibhialta/ do chomhchónaitheoir agus do leanaí.
- (3) déan deimhin de go síneoidh tú an dearbhú ar an bhfoirm iarratais.
- (4) tabhair do theastas isteach ag do Lárionad Intreo áitiúil, d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó cuir tríd an bpost é chuig:

**An Roinn Coimirce Sóisialaí**

Bosca O.P. 1650

Baile Átha Cliath 1.

- (5) faigh teastas **idirmheánach** dochtúra Leasa Shóisialaigh (ar a dtugtar MC2) ó do dhochtúir gach seachtain ar feadh na tréimhse a bheidh tú breoite, nó go dtí go gcuirfidh do dhochtúir nó an Roinn a mhalairt in iúl duit.
- (6) faigh teastas **deiridh** dochtúra Leasa Shóisialaigh ó do dhochtúir roimh duit dul ar ais ag obair.

**Tabhair faoi deara**

- **Níl aon cheangal ort íoc as teastas dochtúra Leasa Shóisialaigh mar íocann an Roinn táille chomhaontaithe leis an dochtúir.**
- **Níl teastais dochtúra Leasa Shóisialaigh (MC1 agus MC2) le fáil ar líne nó ó aon oifig de chuid na Roinne. Níl siad le fáil ach ó dhochtúirí atá ar phainéal na ndeimhnitheoirí leighis de chuid na Roinne.**

## 11. Cé a dhéanann cinneadh faoi iarratas ar an Sochar Breoiteachta?

Déanann Oifigeach Breithiúnachta ón Roinn Coimirce Sóisialaí cinneadh faoi gach éileamh ar an Sochar Breoiteachta.

Mura bhfuil tú sásta leis an gcinneadh, is féidir leat athbhreithniú a iarraidh. Thairis sin, is féidir leat an cinneadh a achomharc chuig Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh, lom díreach nó tar éis an athbhreithnithe.

### **Chun athbhreithniú a iarraidh:**

- cuir aon fhianaise scríofa a bhaineann le hábhar chuig **Rannóg an tSochair Bhreoiteachta** ag an seoladh seo a leanas laistigh de 21 lá ón dáta ar cuireadh an cinneadh in iúl duit.

### **Rannóg an tSochair Bhreoiteachta**

An Roinn Coimirce Sóisialaí  
 Áras Mhic Dhiarmada  
 Sráid an Stórais  
 Baile Átha Cliath 1

Déanfaidh Oifigeach Breithiúnachta athbhreithniú ar do chás. Mura bhfuil tú sásta leis an gcinneadh tar éis an athbhreithnithe, is féidir leat an cinneadh a achomharc chuig Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh, Oifig atá neamhspleách ar an Roinn Coimirce Sóisialaí.

### **Chun an cinneadh a achomharc:**

Cuir d'achomharc go díreach chuig Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh ag an seoladh thíos nó tríd an ríomhphost chuig **swappeals@welfare.ie** laistigh de 21 lá ón dáta ar cuireadh an cinneadh in iúl duit.

### **Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh**

Teach D'Olier  
 Sráid D'Olier  
 Baile Átha Cliath 2

Íosghlao: 1890 74 74 34

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.



## 12. An féidir an Sochar Breoiteachta a éileamh le linn do dhuine íocaíocht leasa shóisialaigh eile a fháil?

- **Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh** (rud a chuimsíonn Pinsean Gairme nó Ceirde Baintrí/Baintrí Fir),
- **Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora** (rud a chuimsíonn Sochar do Bhanchéile Tréigthe, Liúntas do Bhanchéile Tréigthe agus Liúntas do Bhanchéile Príosúnaigh).

Is féidir leat éileamh ar an Sochar Breoiteachta a dhéanamh má fhaigheann tú **ráta laghdaithe** d'aon cheann de na híocaíochtaí thuas. Thairis sin, féadfaidh tú ráta laghdaithe den Sochar Breoiteachta a fháil, sa dóigh nach mó an dá íocaíocht le chéile ná ráta an tSochair Bhreoiteachta a bhfuil tú ina theideal.

### **Tabhair faoi deara**

**Ní íoctar an Sochar Breoiteachta má fhaigheann tú aon cheann de na híocaíochtaí thuas ar an ráta iomlán. Ní théann sé seo i bhfeidhm ar do theidlíocht ar Theastais Dochtúra Leasa Shóisialaigh a chur isteach agus ar Ranníocaíochtaí Curtha Chun Sochair a éileamh, d'fhonn leanúnachas do thaifid ÁSPC a chothabháil, le linn duit gan a bheith in ann obair a dhéanamh de dheasca breoiteachta.**

### **Pinsean na nDall**

Má fhaigheann tú Pinsean na nDall, féadfaidh tú an Sochar Breoiteachta a fháil freisin má tá tú breoite agus mura bhfuil tú in ann obair a dhéanamh agus má chomhlíonann tú na coinníollacha ÁSPC.

## Liúntas Cúramóra

Má fhaigheann tú an Sochar Breoiteachta agus má chomhlíonann tú na coinníollacha i leith an Liúntais Chúramóra, féadfaidh tú leath an ráta phearsanta den Liúntas Cúramóra a fháil in éineacht le hÍocaíocht do Shochair Bhreoiteachta.

Ina theannta sin, b'fhéidir go bhféadfá Méadú um Dhuine Fásta Cáilithe a fháil do dhuine ar d'éileamh ar an Sochar Breoiteachta le linn dó/di **Liúntas Cúramóra** ar leathráta a fháil toisc go dtugann sé/sí aire duit nó do dhuine eile.

## Sochar Míthreorach

Má fhaigheann tú an Sochar Míthreorach, féadfaidh tú an Sochar Breoiteachta a fháil freisin má tá tú breoite agus mura bhfuil tú in ann obair a dhéanamh agus má chomhlíonann tú na coinníollacha ÁSPC, ar chuntar nach gcuimsíonn an Sochar Míthreorach méadú um Fhorlíonadh Éagumais.

## Liúntas Cúraim Bhaile/Deontas Tacaíochta Cúramóra (ar a dtugtaí Deontas um Chúram Faoisimh tráth)

Is féidir an Sochar Breoiteachta a íoc freisin má fhaigheann tú Liúntas Cúraim Bhaile/Deontas Tacaíochta Cúramóra.

## Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh

Má fhaigheann tú an Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh, féadfar leanúint den íocaíocht in éineacht leis an Sochar Breoiteachta go ceann suas le 6 seachtaine.

## 13. Cad iad na híocaíochtaí ar féidir iarratas a dhéanamh orthu mura gcáilítear don Sochar Breoiteachta?

### Liúntas Forlíontach Leasa

Mura bhfuil do dhóthain ranníocaíochtaí ÁSPC agat i gcomhair an tSochair Bhreoiteachta agus má tá d'ioncam ró-íseal chun riar ar do riachtanais, is féidir go gcáileoidh tú don Liúntas Forlíontach Leasa.

(Féach leathanach 20 chun a thuilleadh eolais ar an scéim seo a fháil)

### Liúntas Míchumais

Féadfaidh tú an íocaíocht seo a fháil má tá tú faoi mhíchumas a bhfuil súil leis go mairfidh sé bliain amháin ar a laghad, má tá tú idir 16 bliana agus 66 bliana d'aois, má chomhlíonann tú tástáil acmhainne agus má tá gnáthchónaí ort sa Stát.

### Pinsean Easláine

Féadfaidh tú é seo a fháil má tá tú breoite agus má tá tú éagumasach chun oibre, más dealraitheach go mbeidh tú buan-éagumasach chun oibre, má chomhlíonann tú na coinníollacha ÁSPC, agus má tá tú faoi bhun 66 bliana d'aois.

Chun a thuilleadh eolais ar an Liúntas Míchumais agus ar an bPinsean Easláine a fháil, logáil isteach ar **[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**.

## 14. Cad iad na cineálacha eile íocaíochta atá ar fáil?

### Scéim an Liúntais Fhorlíontaigh Leasa

D'fhéadfá na nithe seo a fháil faoin scéim seo:

- Forlíonadh Aiste Bia
- Íocaíochtaí Riachtanas Eisceachtúil
- Forlíonadh Téimh
- Forlíonadh Cíosa nó Úis Mhorgáiste
- Íocaíochtaí Riachtanas Práinneach

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**, nó déan teagmháil le hionadaí na Roinne in oifig áitiúil na Roinne Coimirce Sóisialaí a riarann an Liúntas Forlíontach Leasa.

D'fhéadfá cáiliú freisin don **Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil** i leith do leanaí cleithiúnacha.

### Seirbhísí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

Déan teagmháil le d'oifig **FSS** áitiúil nó logáil isteach ar a láithreán gréasáin **www.hse.ie** chun teacht ar mhionsonraí de na seirbhísí go léir atá ar fáil. Seo samplaí de roinnt de na seirbhísí:

- Cárta Leighis
- Cárta Cuairte Liachleachtóra Ghinearálta
- Scéim Íocaíochta Drugaí
- Scéim Breoiteachta Fadtréimhsí

## 15. An gá go ndéanfar Measúnuithe Leighis orm le linn dom an Sochar Breoiteachta a fháil?

Le linn duit an Sochar Breoiteachta a fháil, déanfar athbhreithniú ar d'éileamh ó am go ham agus féadfar a iarraidh ort freastal ar mheasúnú leighis. Déanfaidh Measúnóir Leighis an measúnú seo, agus is dochtúir i bhfostaíocht na Roinne Coimirce Sóisialaí é/í. Tabharfaidh an Measúnóir Leighis tuairim ar cibé acu atá nó nach bhfuil tú cumasach chun oibre.

Cuirfear réamhfhógra chugat maidir le do choinne i gcomhair measúnaithe. Is ceadmhach duit cibé fianaise leighis is mian leat a thaispeáint don dochtúir a thabhairt leat.

### **Tabhair faoi deara**

**Má iarrtar ort freastal ar mheasúnú leighis, ní mór duit a bheith ann, nó cuirfear do shochar ar fionraí.**

Má fhionnann an Measúnóir Leighis go bhfuil tú cumasach chun oibre (is í sin do ghnáthobair nó saghsanna eile oibre), féadfaidh Oifigeach Breithiúnachta an cinneadh a dhéanamh nach bhfuil tú i dteideal íocaíocht an tSochair Bhreoiteachta a fháil, agus/nó i i dteideal ranníocaíochtaí curtha chun sochair. Má chuirtear stad le híocaíocht an tSochair Bhreoiteachta, beidh an ceart agat chun an cinneadh a achomharc.

Mura bhfaigheann tú ach ranníocaíochtaí curtha chun sochair agus má chuirtear stad leo seo, beidh an ceart agat chun athbhreithniú ar an gcinneadh a lorg ach gan ceart a bheith agat chun é a achomharc.

## 16. An féidir mé a dhícháiliú ón Sochar Breoiteachta a fháil?

Is féidir. Féadfar stad a chur le híocaíocht do Shochair Bhreoiteachta mura gcomhlíonann tú coinníollacha áirithe le linn duit an Sochar Breoiteachta a fháil.

Is iad na coinníollacha seo ná nach foláir nó:

- nach n-éiríonn tú éagumasach chun oibre trí do mhí-iompar féin,
- nach dteipeann ort, gan chúis mhaith, freastal ar mheasúnú leighis de chuid Mheasúnóir Leighis na Roinne seo,
- nach dteipeann ort treoracha do dhochtúra a chomhlíonadh,
- nach n-iompraíonn tú thú féin ar shlí ar dócha go gcuirfear moill ar do théarnamh,
- nach dteipeann ort bualadh le haon Oifigeach ón Roinn seo agus ceisteanna réasúnacha faoi d'éileamh a fhreagairt.

### **Tabhair faoi deara**

**Má dhéanann tú ráiteas bréagach nó míthreorach chun Sochar Breoiteachta a fháil duit féin nó d'aon duine eile, féadfar fineáil, tréimhse phríosúnachta nó iad araon a ghearradh ort.**

Má fhaigheann tú Sochar Breoiteachta nach gcáilíonn tú dó, ní mór duit é a aisíoc linn. Féadfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí airgead atá dlite ort a aisghabháil trí chaingean dlí nó trí asbhaintí ó aon íocaíocht leasa shóisialaigh eile a gcáilíonn tú di.

## 17. An féidir fostaíocht, oideachas nó oiliúint a thosú agus an Sochar Breoiteachta a fháil fós?

Ní mór duit iarratas a dhéanamh ar chead i scríbhinn a fháil sula dtosódh tú oiliúint nó oideachas. Mura ndéanfaí amhlaidh, b'fhéidir go gcaillfí íocaíocht an tSochair Bhreoiteachta.

Is ceadmhach duit na cineálacha oibre seo a leanas a dhéanamh gan chead i scríbhinn a fháil ón Roinn:

- obair éadrom nach mbíonn, nó nach mbeadh de ghnáth, aon airgead iníoctha ina leith,
- obair a dhéantar mar chuid de chóir leighis le linn duit a bheith i d'othar in ospidéal nó in áit eile dá leithéid ar chuntar nach mó do thuilleamh ná €50 in aghaidh na seachtaine,
- obair a dhéantar faoi scéim charthanúil, ar chuntar nach mó do thuilleamh ná €50 in aghaidh na seachtaine.

### **Tabhair fai deara**

**Más mian leat aon chineál fostaíochta eile a thosú le linn duit a bheith ag fáil an tSochair Bhreoiteachta, ní mór duit iarratas a dhéanamh ar an Sochar Cumais Pháirtigh.**

Is éard atá sa Sochar Cumais Pháirtigh ná scéim leasa shóisialaigh a ligeann duit filleadh ar an obair (má tá tú i gcumas laghdaithe obair a dhéanamh) agus leanúint d'íocaíocht a fháil ón Roinn seo.

Chun cáiliú do Shochar Cumais Pháirtigh, is gá ceann de na híocaíochtaí seo a bheith á fháil agat faoi láthair:

- Sochar Breoiteachta (le 6 mhí anuas ar a laghad), nó
- Pinsean Easláine.

Níl cead agat obair a dhéanamh go dtí go mbeidh cead i scríbhinn faighte agat ina leith ón Roinn seo. Níl aon teorainn leis an tuilleamh ná leis an líon uaireanta an chloig is féidir leat a dhéanamh.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**.

## 18. Cad a tharlaíonn do mo thaifead árachais shóisialaigh le linn dom an Sochar Breoiteachta a fháil?

Le linn duit a bheith i bhfostaíocht inárachaithe, baintear asbhaintí ÁSPC as do thuilleamh gach seachtain. Má tá tú breoite, ní fhéadfar asbhaintí dá leithéid a dhéanamh. Is féidir go gcáileoidh tú do ranníocaíochtaí curtha chun sochair (creidmheasanna) ina ionad sin.

Gheobhaidh tú creidmheasanna má íoctar an Sochar Breoiteachta leat. I ndálaí áirithe, áfach, féadfaidh tú ceidmheasanna a fháil freisin fiú mura bhfaigheann tú íocaíocht.

### **Tabhair faoi deara**

**Tá sé an-tábhachtach go leanfaidh tú de theastais dochtúra a chur isteach fiú mura bhfaigheann tú íocaíocht. D'fhéadfadh sé seo cabhrú leat cáiliú do shochair leasa shóisialaigh agus do phinsin leasa shóisialaigh san am le teacht.**

## 19. An féidir an Sochar Breoiteachta a íoc tar éis do dhuine bás a fháil?

### **Bás duine a bhí ag fáil an tSochair Bhreoiteachta**

Tar éis do dhuine, a bhí ag fáil an tSochair Bhreoiteachta, bás a fháil, leanfar den íocaíocht go ceann 6 seachtaine lena c(h)éile, lena p(h)áirtnéir sibhialta nó lena c(h)omhchónaitheoir:

- má chuimsigh an íocaíocht méadú dó/di mar dhuine fásta cáilithe (nó dá gcuimseodh sí méadú ina leith murach go bhfuair sé/sí íocaíocht leasa shóisialaigh eile dá c(h)eart féin).



Ní bhfaighidh an céile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir marthanach Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh ná Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora go dtí deireadh na tréimhse 6 seachtaine seo

### **Bás duine fásta cáilithe nó bás linbh cáilithe**

Má fhaigheann duine fásta cáilithe nó leanbh cáilithe bás, leanfar den méadú ina leith a íoc go ceann 6 seachtaine tar éis a b(h)áis nó go ceann tréimhse is lú ná sin má fhillleann tú ar an obair roimh dheireadh na tréimhse 6 seachtaine.

## **Íocaíochtaí gaolmhara eile**

### **Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh**

Má tá tú i mbaintreachas nó más páirtneir sibhialta marthanach thú, is féidir go gcáileoidh tú do Phinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach nó Neamh-Ranníocach).

### **Deontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh**

Má tá tú i mbaintreachas nó más páirtneir sibhialta marthanach thú agus má tá leanaí cáilithe agat, is féidir go gcáileoidh tú do Dheontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh.

Tá a thuilleadh eolais ar na híocaíochtaí seo le fáil ar **[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**.

## 20. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais ar an Sochar Breoiteachta a fháil?

Chun a thuilleadh eolais ar an Sochar Breoiteachta a fháil, déan teagmháil le:

**Rannóg Fhiosruithe Gutháin an tSochair Bhreoiteachta ar na huimhreacha seo a leanas:**

Guthán: (01) 704 3300

Íosghlao: 1890 928 400

Má tá tú ag gaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar +353 1 704 3300, le do thoil

**nó**

Láithreán Gréasáin na Roinne Coimirce Sóisialaí: Logáil isteach ar **[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**, nó

Buail isteach chuig d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

## 21. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

- Logáil isteach ar **[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**.
- Guthán: (071) 919 3302  
Íosghlao: 1890 66 22 44

Má tá tú ag gaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar + 353 71 91 93302, le do thoil.

- Buail isteach chuig d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

# Pointí le tabhairt faoi deara

## Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP)

Is ionann d'Uimhir PSP agus d'uimhir chánach ioncaim. Luaigh an uimhir seo ar gach teastas dochtúra, gach foirm iarratais agus i litreacha, i dteachtaireachtaí ríomhphoist nó i nglanna gutháin chuig an Roinn seo. Is cóir duit uimhir PSP do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora a lua freisin má éilíonn tú méadú ina leith.

Is féidir leat d'Uimhir PSP a fháil ar do P60, d'fhógra creidmheasanna cánach agus cáipéisí eile ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Mura bhfuil Uimhir PSP agat, déan teagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil chun comhairle a fháil faoin gcaoi agus faoin áit ar cóir d'iarratas a dhéanamh.

## Teagmháil a dhéanamh leis an Roinn seo

Ní mór duit **d'ainm, do sheoladh agus d'Uimhir PSP** a lua go hiomlán:

- ar gach teastas dochtúra,
- ar gach litir agus gach teachtaireacht ríomhphoist,
- i ngach glao gutháin ar an Roinn seo.

## Athrú ar do dhálaí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar do theidlíocht ar an Sochar Breoiteachta

Inis dúinn a luaithe is féidir má tharlaíonn aon cheann de na hathruithe seo le linn duit an Sochar Breoiteachta a fháil:

- méadú nó laghdú ar ioncam do chéile nó do pháirtnéara,
- athrú ainm nuair a phósann tú nó nuair a dhéanann tú cumann/aontas sibhialta nó páirtnéireacht shibhialta,
- athrú ar do sheoladh,
- athrú ar na sonraí den chuntas san institiúid airgeadais lena n-íoctar do Shochar Breoiteachta.

## Leabhráin áisiúla eile

Clár um Fhilleadh ar Oideachas	SW 70
Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil	SW 75
Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair	SW 92
Liúntas Cúramóra	SW 41
Sochar Cúramóra	SW 49
Sochar Linbh	SW 42
Ranníocaíochtaí Curtha chun Sochair	SW 12
Liúntas Míchumais	SW 29
Sochar Míthreorach	SW 31
Éilimh Dhéanacha ar Shochar Breoiteachta nó ar Shochar Díobhála Ceirde	SW 101
Sochar Díobhála	SW 30
Pinsean Easláine	SW 44
Sochar Cumais Pháirtigh	SW 132
Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP)	SW 100
Rátaí Íocaíochta	SW 19
Aisghabháil ar Ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh	SW 2
Oifig na nAchomharc Leasa Shóisialaigh	SW 56
Liúntas Forlíontach Leasa	SW 54
Deontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	SW 114
Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)	SW 26